

EBA/GL/2026/05

7 Bealtaine 2026

Treoirlínte

lena leasaítear Treoirlínte
EBA/GL/2016/07 maidir le cur i bhfeidhm
an tsainmhínithe ar mhainneachtain faoi
Airteagal 178 de Rialachán (AE)
Uimh. 575/2013

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
2. Sna treoirlínte leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais, nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4, pointe (2) (i-ii-iii-iv-v-vi-vii) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh ach na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 17.09.2026. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta sin, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2026/05' luaite leo. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baintéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (OJ L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Seoltaí

6. Tá na treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4, pointe (2)(i) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus ar institiúidí airgeadais mar a shainmhínítear iad in pointe (1), Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

3. Cur chun feidhme

Dáta cur i bhfeidhm

7. Beidh feidhm ag na treoirlínte seo ó 19.10.2026.

4. Leasuithe

8. Leasaítear treorlínte EBA/GL/2016/07 mar seo a leanas:

9. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) i mír 23:

‘(d) sa chás sonrach i socruithe fachtóireachta ina dtaifeadtar na suimeanna infhála ceannaithe ar chlár comhardaithe na hinstitiúide, agus i gcás ina gcomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- (i) sáraítear an tairseach ábharthachta atá leagtha síos ag an údarás inniúil i gcomhréir le pointe (d) d’Airteagal 178(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ach níl aon cheann de na hinfháiltais don fhéichiúnaí thar téarma le níos faide ná 90 lá;
- (ii) níl an féichiúnaí curtha ar an eolas go leormhaith faoi scor an infháiltais ag cliant an fhachtóra, agus tá fianaise ag an institiúid gur íoc an féichiúnaí an t-infháltas don chliant sula raibh sé thar téarma le ní b’fhaide ná 90 lá;
- (iii) i gcás socruithe fachtóireachta neamhnóchta, tá fianaise ag an institiúid gur íoc an féichiúnaí an t-infháltas don chliant sula raibh sé thar téarma ní b’fhaide ná 90 lá.

10. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 31:

‘31. I gcás inar cuireadh an féichiúnaí ar an eolas go leormhaith maidir le scor an infháiltais ach go bhfuil an íocaíocht déanta acu don chliant mar sin féin, ba cheart don institiúid leanúint le comhaireamh na laethanta atá thar téarma de réir choinníollacha an infháiltais.’

11. Scriostar mír 32.

12. Scriostar pointe a) i mír 39.

13. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil tar éis mhír 48:

‘Oibleagáid laghdaithe airgeadais de bharr beart staonta’

14. Scriostar mír 49.

15. Scriostar mír 50.

16. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 52:

‘52. Chun críocha mhídhóchúlacht na híocaíochta dá dtagraítear i bpointe (d) d’Airteagal 178(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, do gach beart staonta, ba cheart d’institiúidí an oibleagáid laghdaithe airgeadais a ríomh agus í a chur i gcomparáid leis an tairseach dá dtagraítear i mír 51.

I gcás ina bhfuil an oibleagáid laghdaithe airgeadais níos airde ná an tairseach sin, ba cheart iad a mheas mar neamhchosaintí mainneachtana.’

17.Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 53:

‘53. Má tá an oibleagáid laghdaithe airgeadais faoi bhun na tairsí sonraithe, áfach, agus go háirithe nuair a bhíonn glanluach láithreach na sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo bunaithe ar shocrú an bhirt staonta níos airde ná glanluach láithreach na sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo roimh na hathruithe sna téarmaí agus coinníollacha, ba cheart d’institiúidí neamhchosaintí mar sin a mheas le haghaidh táscairí eile maidir le mídhóchúlacht íocaíochta a d’fhéadfadh a bheith ann. I gcás ina bhfuil amhras réasúnach ar an institiúid maidir le dóchúlacht na haisíocaíochta ina hiomláine i ndáil leis an oibleagáid chreidmheasa de réir an tsocraithe nua go tráthúil, ba cheart an féichiúnaí a mheas mar fhéichiúnaí mainneachtana. Áirítear iad seo a leanas mar tháscairí a d’fhéadfadh mídhóchúlacht na híocaíochta a thabhairt le fios:

- (a) móríocaíocht chnapshuime atá beartaithe ag deireadh an sceidil aisíocaíochta;
- (b) sceideal aisíocaíochta neamhrialta ina mbeartaítear íocaíochtaí atá i bhfad níos ísle ag tús an sceidil aisíocaíochta;
- (c) tréimhse chairde shuntasach ag tús an sceidil aisíocaíochta;
- (d) go bhfuil na neamhchosaintí don fhéichiúnaí tar éis a bheith faoi réir beart staonta ní ba mhó ná uair amháin.’

18.Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 54:

‘54. Ba cheart gach neamhchosaint a aicmítear mar chinn staonta neamhthuillmheacha i gcomhréir le hAirteagal 47a agus Airteagal 47b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a aicmiú mar neamhchosaint mainneachtana.’

19.Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 55:

‘55. I gcás ina mbeadh aon cheann de na modhnuithe ar sceideal na n-oibleagáidí creidmheasa dá dtagraítear i bpointe (e) d’Airteagal 178(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar thoradh ar dheacrachtaí airgeadais ag féichiúnaí, ba cheart d’institiúidí a mheas freisin cibé ar toilíodh do bheart staonta, agus cibé ar tharla léiriú ar mhídhóchúlacht na híocaíochta.’

20.Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h) i mír 59:

‘(h) Aicmiú neamhchosanta mar neamhchosaint neamhthuillmheach i gcomhréir le hAirteagal 47a(3) pointí (b) go (e) den Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.’

21.Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 72:

‘72. Chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 178(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus i gcás ina measadh neamhchosaint mainneachtana i gcomhréir le pointe (d) d’Airteagal 178(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, beag beann ar ar deonaíodh an beart staonta roimh mhainneachtain a shainaithint nó ina dhiaidh, ba cheart d’institiúidí a mheas nach bhfuil feidhm fós ag aon trucear mainneachtana maidir le neamhchosaint a mhainnigh roimhe sin, i gcás ina bhfuil bliain amháin ar a laghad caite ón gceann is déanaí idir ceann amháin de na teagmhais seo a leanas:

- (a) an nóiméad a chuirtear síneadh leis an mbeart staonta;
- (b) an nóiméad a dhéantar an neamhchosaint a aicmiú mar neamhchosaint mainneachtana;
- (c) deireadh na tréimhse cairde atá san áireamh sna socruithe staonta.’

22.Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 73 (f):

‘(f) ba cheart na coinníollacha dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) a chomhlíonadh freisin maidir le neamhchosaintí nua don fhéichiúnaí, go háirithe i gcás inar díoladh nó inar díscríobhadh na neamhchosaintí mainneachtana roimhe sin don fhéichiúnaí agus a bhí faoi réir beart staonta.

23.Scriostar pointe (b) i mír 83.

24.Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 107:

‘107. Ba cheart d’institiúidí a fhíorú ar bhonn rialta go ndéanfar gach neamhchosaint staonta neamhthuillmheach a aicmiú mar mhainneachtain. Ba cheart d’institiúidí anailís a dhéanamh freisin ar bhonn rialta ar na neamhchosaintí staonta tuillmheacha chun a chinneadh an gcomhlíonann aon cheann acu an léiriú ar mhídhóchúlacht na híocaíochta mar a shonraítear in Airteagal 178(3)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i míreanna 51 go 55.